


# Lá Fhéile Gobnait

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dheasghnátha mhuintir Dhún Chaoin Lá Fhéile Gobnait. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin naomh leis an duine in aice leat. Mura bhfuil cur amach agat ar Naomh Gobnait, pléigí naomh eile a bhfuil cur amach agaibh air/uirthi.



## Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- female saint
- protector of bees
- 5<sup>th</sup> century
- white deer
- convent
- their devotion
- church/churchyard
- well, spring
- scoundrels/villains
- toothache
- support/buttress

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

## Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad iad na háiteanna a luaitear le Naomh Gobnait?
2. Cén fáth ar bhunaigh sí clochar i nDún Chaoin?
3. Cad a dhéanann muintir Dhún Chaoin Lá Fhéile Gobnait lena ndeabhóid a léiriú?
4. Cén fáth ar luadh beacha sa tuairisc?
5. Cad a deirtear faoi uisce an tobair sa mhír?

**Ceist 4** ‘...cosantóir **na mbeach...**’

Bhí a lán samplaí den tuiseal ginideach sa mhír. Líon na bearnaí thíos.

i gContae (an Ghaillimh) \_\_\_\_\_  
de réir (béaloideas)(an áit) \_\_\_\_\_  
ar bharr (an aill) \_\_\_\_\_  
turas (an chill) \_\_\_\_\_  
comhluadar (na daoine) \_\_\_\_\_  
leanaí (an scoil) \_\_\_\_\_

Éist leis an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 5** ‘...go ceann **bliana...**’

Cuir na focail seo thíos, a bhaineann le tréimhsí ama, in abairtí:

ar feadh (san aimsir chaite)  
ar feadh (san aimsir fháistineach)  
i gceann  
le

**Ceist 6** Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas a cheiliúrtar Lá Fhéile Pádraig in Éirinn agus ar fud an domhain?
2. Cén tábhacht a bhaineann lena leithéid de dheasghnátha sa tsochaí, dar leat?
3. An bhfuil tionchar láidir ag an Eaglais Chaitliceach ar phobal na hÉireann, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

### Ceist 2

female saint – *ban-naomh*  
protector of bees – *cosantóir na mbeach*  
5<sup>th</sup> century – *an cúigiú haois*  
white deer – *fia bán, fianna bána*  
convent – *clochar*  
their devotion – *a ndeabhóid*  
church/churchyard – *cill*  
well, spring – *tobar*  
scoundrels/villains – *bithiúnaigh*  
toothache – *tinneas fiacaile*  
support/buttress – *taca*

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

i gContae (an Gaillimh)	<i>na Gaillimhe</i>
de réir (béaloideas)(an áit)	<i>bhéaloideas na háite</i>
ar bharr (an aill)	<i>na haille</i>
turas (an chill)	<i>na cille</i>
comhlúadar (na daoine)	<i>na ndaoine</i>
leanaí (an scoil)	<i>na scoile</i>

### Ceist 5

Nuair a leanann uimhir agus ainmfhocal **ar feadh** agus **i gceann** ní bhíonn an tuiséal ginideach i gceist.

Bhí mé sa Fhrainc ar feadh coicíse/trí seachtaine. (san aimsir chaite)

Beidh mé ag obair ann ar feadh míosa/dhá mhí. (san aimsir fháistineach)

Feicfidh tú é i gceann lae/cúpla lá.

Tá mé i mo shuí anseo le deich nóiméad anuas.

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a bhí ag an rang iomlán a phlé le chéile.

### **Eibhlin Ní Choistealbha**

Inniu, Lá Fhéile Gobnait. Ban-naomh agus cosantóir na mbeach. Meastar go mbaineann Gobnait leis an gcúigiú nó séú haois, agus í luaite go láidir le Baile Bhuirne i gContae Chorcaí, Inis Oírr i gContae na Gaillimhe agus le Dún Chaoin i gContae Chiarraí.

### **Séan Mac an tSíthigh**

De réir bhéaloideas na háite, ba anseo ar bharr na haille i nDún Chaoin a chonaic Naomh Gobnait trí cinn<sup>1</sup> d'fhianna bána. Ghlac sí leis mar chomharthaí ó Dhia agus bhunaigh clochar anseo. Inniu, a lá pátrúin, agus faoi mar atá déanta acu leis na glúinte<sup>2</sup>, bailíonn pobal Dhún Chaoin le chéile anseo lena ndeabhóid a léiriú do Ghobnait, agus turas na cille a thabhairt.

### **Frances Uí Chinnéide, Dun Chaoin**

An gcíonn<sup>3</sup> tú an chill anois ansin taobh thiar duit? Raghair<sup>4</sup> naoi n-uaire timpeall air sin. Cros cloiche, rachaidh tú seacht n-uaire timpeall air sin. Agus, téann tú síos ansin go dtí an tobar agus téann tú seacht n-uaire timpeall ar an tobar. Cuirtear airgead isteach ann agus thógfá cuid den uisce. Agus ansin tá dhá charn cloiche ansin thall agus téann tú ceithre huair timpeall ceann acu, agus cúig. So ceathair agus a cúig is é a naoi arís – a naoi, a seacht, a seacht agus a naoi arís is ea é.

### **Séan Mac an tSíthigh**

Meastar go mbaineann Naomh Gobnait leis an gcúigiú nó séú haois, cé gur beag cuntas stairiúil atá againn uirthi.

### **An Dr Billy Mag Fhloinn, Béaloideasóir**

Sa bhéaloideas is mó a fhaighimid na scéalta a bhaineann léi. Tá sí luaite le beacha den gcuid is mó. Sin an t-íomhá is mó atá againn, go raibh beacha aici agus gur chuir sí na beacha seo ar bhithiúnaigh a tháinig chun réabadh a dhéanamh ar an áit.

### **Séan Mac an tSíthigh**

Creidtear go láidir anseo go bhfuil leigheas sa tobar ar thinneas fiacaile agus ar thinnis cnámh. Agus a mhaitheas féin le baint as comhlúadar na ndaoine.

### **Peigín Uí Laoithe, Dún Chaoin agus Cóbh, Co. Chiarraí.**

Bhuel, buailimid le daoine ón bparóiste, daoine nach mbíonn buailte againn leo le fada. Bíonn gach aon duine ag obair agus ag imeacht ar a slí féin. Ach Lá Fhéile Gobnait tagann gach aon duine le chéile, an tAifreann ar dtús, an turas ansin, agus síos go dtí an t-ionad ansin. Leanáí na scoile, drámaí, tae, súp, gach aon rud.

### **Séan Mac an tSíthigh**

Agus cúpla deoch tráthnóna?

*Ó is ea, cúpla deoch tráthnóna, ná bíodh aon eagla ort, is ea..... Ó bhí sé againn aréir, a Sheáin, cheana féin.*

### **Séan Mac an tSíthigh**

Turas na cille tugtha. Cosaint Ghobnatan mar thaca leo as seo go ceann bliana eile.

Séan Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Dún Chaoin.

---

<sup>1</sup> naoi gcinn de réir na scéalta béaloidis

<sup>2</sup> glúine an leagan caighdeánach

<sup>3</sup> an bhfeiceann an leagan caighdeánach

<sup>4</sup> rachaidh tú an leagan caighdeánach